Sonraíocht Nua

Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2010**

# Stair

## Aonad Measúnaithe AS 1

**[AH111]**

AH111

**DÉ CÉADAOIN 16 MEITHEAMH, IARNÓIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Roghnaigh rogha **amháin**.
Freagair ceist **1(a)** nó **1(b)** agus ceist **2** as an **rogha agat**.
Léirigh do rogha go soiléir ar an Leabhrán Freagraí.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **1** agus i gceist **2(b)**.
Is fiosrú stairiúil é an t-aonad measúnaithe seo agus moltar d'iarrthóirí tarraingt as an ábhar cuí uile a ndearna siad staidéar air agus iad ag freagairt ceist **2(b)**.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

## Rogha 5: An Ghearmáin 1918–1945

Freagair ceist **1(a)** nó **1(b) agus** ceist **2**.

**1 Ceachtar acu**

**(a)** Mínigh cad é mar a bhí an Páirtí Naitsíoch ag dul chun cinn idir 1924 agus 1929. [12]

**Nó**

**(b)** Mínigh gnóthachtlálacha eacnamaíocha na Naitsithe sa Ghearmáin sa tréimhse 1933–1939. [12]

**2** Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann.

**Foinse 1**
Bhí an Dr Wolfgang Kapp i gceannas ar na daoine sin den eite dheis a chuir in éadan Phloblacht Weimar agus seo sliocht as an Fhorógra a d'eisigh siad i mBeirlín i mí Márta 1920.

> Tá an Reich agus an náisiún i gcontúirt mhór. Ní fada uainn anois an lá a thitfidh an stát agus dlí agus ord as a chéile ar fad. Is beag eolais atá ag na daoine ar an tubaiste atá i ndán dúinn go luath anois. Tá praghsanna ag ardú gan chosc. Is mó cruatan atá ann. Tá baol gorta ann. Níl sé d'acmhainn ag an rialtas atá ann faoi láthair an chontúirt a shárú. Cuirimis uainn rialtas a bhfuil baint mhór ag Erzberger ann! Seo an t-am leis an Ghearmáin a shábháil agus tapaímis an deis. Níl an dara rogha againn ach rialtas gníomhach a chur isteach. Cuirfidh an rialtas nua stailceanna agus sabaitéireacht faoi chois gan trua gan taise. Ba chóir do gach duine dul i mbun a ghnó féin go suaimhneach síochánta. Bíodh a fhios ag gach duine atá sásta a chuid oibre a dhéanamh, go mbeimid á chosaint go daingean: is ionann stailc agus dul i dtréas ar an náisiún agus ar an Athartha. Beidh an náisiún á rialú againn de réir na riachtanas praiticiúil atá ag an náisiún ar fad.

**Foinse 2**
Sliocht as an Fhorógra a d'eisigh na baill den Pháirtí Sóisialach Daonlathach (SDP) a bhí i gcomhrialtas Weimar sular theith siad ó Bheirlín go Stuttgart mar fhreagairt do Kapp Putsch i Márta 1920. Ba iad Uachtarán Friedrich Ebert agus Seansailéir Gustav Bauer a shínigh an forógra.

> Tá putsch míleata faoi lán siúil anois. Bhí eagla ar na hamhais go scaipfí na reisimintí *Freikorps* acu agus rinne siad iarracht, mar sin, an Phoblacht a bhriseadh agus rialtas deachtóra a bhunú faoi cheannas Kapp agus Ginearál von Lüttwitz. Níor chuir muid réabhlóid dhaonlathach i bhfeidhm le go mbrisfeadh reisimint *Freikorps* í. Iarraimid ar na hoibrithe uilig tacaíocht a thabhairt do stailc ghinearálta.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**Foinse 3**
Sliocht ó John Hite agus Chris Hinton, *Weimar and Nazi Germany*, a foilsíodh in 2000.

> Go luath in 1919, díreach nuair a bhí an stát nua á chruthú, bhí ar Phoblacht Weimar dul i ngleic leis an chéad bhagairt, éirí amach na Spartacach faoi spreagadh na gcumannach. Taobh istigh de bhliain, in 1920, rinneadh an dara hiarracht an Phoblacht a bhriseadh, Kapp Putsch na heite deise an iarraidh seo. Bhí cúrsaí ciúin go maith ar feadh tamall beag ansin, ach briseadh é sin in 1923 mar gheall ar fhorbhoilsciú a chuir an geilleagar faoi bhagairt agus a bhain an bonn de chlú an rialtais. Bhí na Cumannaigh ró-fhaichilleach nuair a bhí na hollagóidí ag dul ar aghaidh in 1923 agus ba rómhall a chuaigh siad i mbun gnímh in "Deireadh Fómhair na Gearmáine" 1923. Ar deireadh, i mí na Samhna 1923, tháinig ionsaí eile ón eite dheis, Putsch Munchen faoi cheannas Adolf Hitler. Tháinig Poblacht Weimar slán as cionn is gur theip ar antoiscigh na heite clé agus na heite deise móran tacaíochta a mhealladh agus cionn is go raibh siad beirt scoilte agus gan eagar.

**(a)** **Déan staidéar ar Foinse 1**. Cá húsáidí atá sí mar fhianaise do staraí atá i mbun staidéir ar bhriseadh amach Kapp Putsch in 1920? [13]

**(b)** Na foinsí **uile agus** do chuid eolais féin in úsáid, cén fhírinne atá sa tuairim, dar leat, gurb iad Kapp Putsch agus na ceannaircí polaitiúla eile ba mhó a chuir Rialtas Weimar faoi bhagairt sa tréimhse 1919–1923? [35]

---

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

5736.04

www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers